Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**8833/16**

**DEVGEN 91**
**ACP 69**
**RELEX 380**
**SOC 249**
**WTO 130**
**COMER 59**
**FDI 8**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Bealtaine 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8577/16 |
| Ábhar: | An tAontas Eorpach agus Slabhraí Luacha Domhanda atá Freagrach - Conclúidí ón gComhairle (12 Bealtaine 2016) |

1. San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Eorpach agus Slabhraí Luacha Domhanda atá Freagrach, faoi mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3462ú cruinniú a bhí aici ar an 12 Bealtaine 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Eorpach agus Slabhraí Luacha Domhanda atá Freagrach**

**Réamhrá**

1. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil slabhraí luacha domhanda ina gcuid thábhachtach de na pátrúin dhomhanda táirgthe anois. Leis an gcastacht a bhaineann leis na slabhraí luacha domhanda sin, is gá gníomhaíocht bhreise réamhghníomhach san Aontas Eorpach agus thar lear le go ndéanfar na slabhraí a bhainistiú ar mhaithe le fás cuimsitheach, inbhuanaithe a chothú. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Chomhairle gur ceann de chuspóirí an Aontais é a áirithiú go dtiocfaidh an fás agus an fhorbairt eacnamaíoch in éineacht leis an gceartas sóisialta agus cearta an duine, lena n-áirítear croíchaighdeáin saothair agus cleachtais chomhshaoil agus creataí beartais a bheidh inbhuanaithe.[1] Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur ceist go thar a bheith ábhartha é seo i gcomhthéacs na forbartha, mar is minic a bhíonn dúshláin shuntasacha ag tíortha atá i mbéal forbartha ó thaobh na forbartha inbhuanaithe agus an fháis de i dtaca leis na daoine is leochailí.

2. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag an gClár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, agus meabhraíonn sí na Conclúidí ón gComhairle an 26 Bealtaine 2015[2], inar leagadh béim go háirithe ar a thábhachtaí atá sé an comhtháthú beartas a chur chun cinn, creataí beartais a chumasú agus go mbeadh an earnáil phríobháideach páirteach. Meabhraíonn an Chomhairle freisin an Clár Oibre don Athrú[3], lena mbeadh beartas trádála agus forbartha an Aontais dírithe ar na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus ar na tíortha is mó atá i ngátar, lena n-áirítear trí mheán na bhfabhar trádála nó tríd an gCúnamh don Trádáil.

---

1 Airteagal 3 CAE.
2 9241/15.
3 15560/11 - COM(2011) 637 final.

3. Meabhraíonn an Chomhairle a Conclúidí maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Trádáil do Chách: Faoi thuairim beartas trádála agus infheistíochta níos freagraí a chothú"[4], inar leagadh béim ar an gcaoi a bhféadfadh ionstraimí trádála an Aontais cabhrú leis an bhforbairt inbhuanaithe, le cearta an duine agus leis an dea-rialachas. Is díol sásaimh don Chomhairle an Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún[5] ina dtuairiscítear ar chur chun feidhme na Teachtaireachta maidir le "Trádáil, Fás agus Forbairt"[6] agus an obair leantach i ndáil leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le "cur chuige an Aontais Eorpaigh i leith na trádála, an fháis agus na forbartha sna chéad deich mbliana eile amach romhainn". Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn na caighdeáin chomhshaoil a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta, mar aon le cearta saothair agus an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair, i gcomhar lenár gcuid comhpháirtithe, amhail Comhshocrú Inbhuanaitheachta Bhanglaidéis agus Thionscnamh Cearta Saothair Mhaenmar.

4. Meabhraíonn an Chomhairle a Conclúidí maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Ról níos láidre ag an earnáil phríobháideach ó thaobh fás cuimsitheach, inbhuanaithe a bhaint amach i dtíortha atá i mbéal forbartha"[7], ina leagtar béim ar an ngá atá le freagracht shóisialta chorparáideach (CSR), rannpháirtíocht na hearnála príobháidí agus bainistiú freagrach ar Shlabhraí Luacha Domhanda chun fás eacnamaíoch a bheidh cuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach, chomh maith le deiseanna gnó a chruthú. Is den bhunriachtanas é freisin go ndéanfaí acmhainní nádúrtha a fhoinsiú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

5. Ba shuntasach freisin na tairbhí a bhainfeadh le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a bheith rannpháirteach i slabhraí luacha domhanda. D'fhéadfadh fiontair ilnáisiúnta ról cuiditheach a bheith acu i gcomhpháirtíocht le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, ag éascú scaipeadh an eolais, scileanna agus na teicneolaíochta, lena n-áirítear maidir le caighdeáin shóisialta agus comhshaoil a chur chun feidhme.

4 14708/15.
5 6554/16 - SWD(2016) 47 final.
6 5887/1/12 REV 1 - COM(2012) 22 final.
7 16856/14.

6. Aithníonn an Chomhairle fiúntas Straitéis Freagrachta Sóisialta Corparáidí an Aontais Eorpaigh[8] agus fiúntas na Teachtaireachta Comhpháirtí ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais dar teideal "Foinsiú Freagrach Mianraí i Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus i Limistéir Ardriosca"[9], agus aithníonn freisin fiúntas Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach[10]. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach agus an tIompar Freagrach Gnó[11] mar spreagadh don fhorbairt inbhuanaithe, don fhostaíocht chuibhiúil agus do chumhachtú eacnamaíoch agus sóisialta na ndaoine, go háirithe mná agus an óige, agus grúpaí eile atá leochaileach, lena n-áirítear daoine atá faoi mhíchumas.

[8] 16606/11 - COM(2011) 681 final.
[9] 7704/14 - JOIN(2014) 8 final.
[10] COM (2015) 614 final.
[11] Úsáideann an tAontas an dá théarma: "Freagracht Shóisialta Chorparáideach" agus "Iompar Freagrach Gnó" leis an aon chiall chéanna amháin. I Straitéis Freagrachta Sóisialta Corparáidí an Aontais Eorpaigh sainíodh an Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach in 2011 mar "an fhreagracht atá ar fhiontair as an tionchar a bhíonn acu ar an tsochaí" agus dúradh "chun a bhfreagracht shóisialta chomparáideach a chomhlíonadh, ba cheart d'fhiontair próiseas a bheith acu chun gnéithe sóisialta, comhshaoil, eiticiúla, gnéithe a bhaineann le cearta an duine agus tomhaltóirí a chomhtháthú ina gcuid oibríochtaí gnó agus ina gcroístraitéis i ndlúthchomhar lena gcuid geallsealbhóirí".

7. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le cuir chuige atá cuimsitheach agus inbhuanaithe mar a comhaontaíodh i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár oibre na bliana 2030, go háirithe iad siúd maidir le táirgiúlacht inbhuanaithe, tomhaltas inbhuanaithe agus obair chuibhiúil, agus is díol sásaimh di an comhar idirnáisiúnta níos déine maidir le hiompar freagrach gnó. Aithníonn an Chomhairle an obair thábhachtach atá déanta ag an Aontas agus a chuid Ballstát chun cur chun feidhme Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an athrú aeráide agus le bithéagsúlacht, mar aon le treoirlínte agus prionsabail, a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus faireachán orthu sin a chur chun cinn. Áirítear leo sin Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) d'Fhiontair Ilnáisiúnta, chomh maith le Treoir Díchill Chuí ECFE do Shlabhraí Soláthair Freagracha i ndáil le Mianraí ó Limistéir atá buailte leis an gCoinbhleacht agus ó Limistéir Ard-Riosca, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe (PTNA) maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Prionsabail an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain um infheistíocht fhreagrach sa talmhaíocht agus i gcórais bia. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair a rinne an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) sa réimse sin agus tá sí ag súil le rannpháirtíocht chomhchoiteann ghníomhach sa phlé maidir le hobair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda[12] ag an 105ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair i mí an Mheithimh 2016. Tacaíonn an Chomhairle go hiomlán le Dearbhú na gCeannairí ag Cruinniú Mullaigh 2015 G7, ina dtugtar aitheantas do chomhfhreagracht rialtais agus ghnólachtaí slabhraí soláthair freagracha a chothú agus an tuiscint ar an dícheall cuí a chur chun cinn le chéile. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an admháil ó Cheannairí G20 maidir lena thábhachtaí atá sé ionaid oibre níos sábháilte agus níos sláintiúla a chothú lena n-áirítear laistigh de shlabhraí soláthair domhanda inbhuanaithe (Cruinniú Mullaigh Adalia 2015). Meabhraíonn an Chomhairle go ndéanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát timpeallacht chánach idirnáisiúnta a chur chun cinn a bheidh trédhearcach, comhoibríoch agus cothrom i gcomhréir le prionsabail an dea-rialachais. Ba cheart feabhas a chur ar an trédhearcacht airgeadais, d'fhéadfaí go n-áireofaí air sin malartuithe gaolmhara ina leith sin idir údaráis ábhartha.

---

[12] Téarmaí cosúla is iad 'Slabhraí Soláthair' agus 'Slabhraí Luacha' a thagraíonn don slabhra táirgthe iomlán, ó amhábhair a phróiseáil go táirgí úsáideora deiridh. Ag brath ar an gcomhthéacs, d'fhéadfaí an téarma 'slabhra soláthair' a úsáid chun tagairt go sonrach don phróiseas a bhaineann leis na comhpháirtithe uile atá bainteach le táirgeadh agus le dáileadh tráchtearra agus an téarma 'slabhra luacha' don tsraith sin de ghníomhaíochtaí idirghaolmhara lena gcuireann comhlacht luach leis an earra. Mar sin féin, úsáidtear iad go hidirmhalartach anseo.

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur féidir leis an Aontas Eorpach agus a chuid Ballstát, arbh é an margadh is mó ar domhan agus atá ar thús cadhnaíochta i dtaca le Cúnamh don Trádáil a sholáthar le níos mó ná aon trian de chúnamh oifigiúil forbartha (COF) iomlán an Aontais ag tacú le riachtanais a bhaineann le trádáil, úsáid a bhaint as an staid sin atá aige chun slabhraí luacha domhanda a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí go háirithe sna margaí sin ina ndéanann na daoine is boichte a slí bheatha.

**Dlús a chur lenár gcuid iarrachtaí comhpháirteacha**

9. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún agus na Ballstáit chun a áirithiú tuilleadh go gcabhraíonn beartais chun tacú leis an inbhuanaitheacht i slabhraí luacha domhanda agus chun prionsabail na freagrachta sóisialta corparáideach (FSC) a chur chun cinn, go háirithe trí urraim a thabhairt do na prionsabail FSC agus uirlisí beartais an Aontais á gceapadh agus trí thionscnaimh arna maoiniú ag an Aontas. Ina theannta sin, spreagann an Chomhairle an Coimisiún chun cur chun feidhme an díchill chuí a fheabhsú agus chun idirphlé agus comhair a chothú i measc na ngeallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha uile ábhartha d’fhonn cothroime iomaíochta domhanda a bhaint amach agus bearta beartais a chur chun feidhme lena ndíreofar, mar shampla, ar dhícheall cuí maidir le cearta an duine a chur chun cinn ar leibhéal na cuideachta. Mar sin, trí ghnó a dhéanamh ar bhealach atá freagrach, d’fhéadfaí buntáiste iomaíoch a chruthú i ndeireadh na dála. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar leis an tacaíocht i ndáil le córais rialála náisiúnta le haghaidh margaí inbhuanaithe agus cuimsitheach a neartú.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil forálacha maidir le trádáil agus le forbairt inbhuanaithe (TFI) á gcur isteach go córasach i gComhaontuithe Trádála uile an Aontais, ina bhfuil gealltanais ó na páirtithe urraim a thabhairt do chroíchaighdeáin saothair agus do choinbhinsiúin eile na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) chomh maith le do phríomhchomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil. Cuireann forálacha TFI treoirlínte agus prionsabail ábhartha maidir le FSC, a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, chun cinn. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún nuashonrú rialta a chur i láthair agus obair leantach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme fhorálacha TFI trí úsáid éifeachtach a bhaint as na huirlisí tuairiscithe agus faireacháin atá ann cheana.

11. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún agus na Ballstáit leanúint leis an obair maidir le Comhleanúnachas Beartais don Fhorbairt mar a fhoráiltear inAirteagal 208 CFAE i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha. Caithfear sineirgí idir an comhar um fhorbairt, beartas comhshaoil agus uirlisí trádála a lorg, go háirithe chun a gcomh-acmhainneacht iomlán a scaoileadh agus chun cur le cur chun feidhme na gcaibidlí TFI agus forálacha eile atá ábhartha don fhorbairt inbhuanaithe agus aon dul chun cinn maidir leo, d'fhonn an tionchar forbartha a uasmhéadú. Áirítear leis sin fothú acmhainní, idirphlé polaitiúil agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí eile. Tá an Chomhairle ag súil leis an athbhreithniú atá le teacht ar Straitéis Chomhpháirteach an Aontais 'Cúnamh don Trádáil' chun sineirgí a fheabhsú i réimse na trádála agus na forbartha, go háirithe d'fhonn na Spriocanna ábhartha Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

12. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí a rinneadh chun slabhraí soláthair freagracha a chur chun cinn trí thionscnaimh amhail Tionscnamh Ball Éadaigh an Aontais agus trí thionscnaimh san earnáil talmhaíochta amhail Plean Gníomhaíochta FLEGT (Forghníomhú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí), Dearbhuithe Amstardam maidir le dífhoraoisiú agus maidir le soláthar inbhuanaithe ola phailme agus in earnálacha eile chomh maith. Déanann an Chomhairle an Coimisiún agus na Ballstáit a spreagadh go láidir chun dea-chleachtais a roinnt lena chéile, lena n-áirítear bealaí cur chuige nua agus nuálacha a chur chun cinn agus cur le tionscnaimh dá leithéid agus a gcur i gcrích a bhrostú. Uirlisí úsáideacha i ndáil leis an méid sin is iad forbairt na Comhpháirtíochta Príobháidí-Poiblí maidir le Mianraí a Fhoinsiú ar bhealach freagrach agus tionscnaimh eile a bhaineann le foinsiú freagrach mianraí i limistéir atá buailte leis an gcoinbhleacht agus limistéir ard-riosca.

13. Tacaíonn an Chomhairle le bealaí cur chuige il-gheallsealbhóirí san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta ar gach leibhéal. Féadfaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, an earnáil phríobháideach agus na rialtais, chomh maith le comhlachtaí poiblí eile, faoi mar is iomchuí agus le tacaíocht ó thoscaireachtaí an Aontais, a bhfuil ról tábhachtach le himirt acu i gcur chun cinn na Freagrachta Sóisialta Corparáideach i slabhraí luacha domhanda a bheith rannpháirteach ann sin. Chuige sin, is ionstraimí luachmhara iad Comhaontuithe Cuideachtaí Trasnáisiúnta amhail Comhaontuithe Creata Domhanda a chuireann soláthróirí san áireamh. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tacú tuilleadh le gníomhaíochtaí atá dírithe ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a mhéadú don fhorbairt agus don iompar freagrach gnó (IFG).

14. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá ann tacú go leanúnach chun go nglacfar prionsabail, treoracha agus tionscnaimh, a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach/Iompar Freagrach Gnó amhail prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Ceart an Duine, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, an Dearbhú Trípháirteach Prionsabal de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, lena n-áirítear i dtíortha nach tíortha ECFE iad agus cur le hiarrachtaí frith-éillithe freisin trí thimpeallacht ghnó a chruthú atá níos oscailte agus níos trédhearcaí. Ba cheart soláthar poiblí inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart aird faoi leith a dhíriú ar chomhionannas inscne agus rannpháirtíocht iomlán, chothrom agus éifeachtach na mban a áirithiú ag gach leibhéal den chinnteoireacht i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne 2016-2020.

15. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún, SEGS agus na Ballstáit dlús a chur lena gcuid oibre maidir le hIompar Freagrach Gnó. D'áireofaí leis sin, inter alia, Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach / Iompar Freagrach Gnó agus Gnó agus Ceart an Duine ó na Ballstáit agus Plean Gníomhaíochta nua an Aontais maidir le hIompar Freagrach Gnó á sheoladh ag an gCoimisiún in 2016. Ba cheart do na Pleananna Gníomhaíochta sin gníomhaíochtaí nithiúla a shonrú lena rachfaí i ngleic le dúshláin agus le tosaíochtaí sóisialta, comhshaoil agus rialachais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo chun go gcuirfear chun feidhme Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.